

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE, EARRACH 2019

SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE

PÁIPÉAR II – 100 MARC

(80 MARC ANSEO AGUS 20 MARC DO ‘TEANGA AGUS CULTÚR’)

Uair agus leathuair an chloig don pháipéar seo (10.00-11.30). Dhá cheist a fhreagairt, ceist amháin as gach Roinn.

ROINN A

PRÓS

Freagair Ceist 1 nó Ceist 2

1. “Tugtar an-léargas ar thréithe an asail sa scéal ‘M’Asal Beag Dubh’, le Pádraic Ó Conaire.”
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don scéal mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

2. “Léiríonn an scéal ‘Triúrmhilleadh’, le Seán Mac Mathúna, nach leigheasann saibhreas croí briste riamh.”
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don scéal mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

ROINN B

FILÍOCHT

Freagair Ceist 3 nó Ceist 4

3. “An tsamhlaíocht fhairsing a bhíonn ag páistí is téama don dán, ‘Teilifís,’ le Gabriel Rosenstock.”
Pléigh an tuairim sin agus luaigh línte ón dán mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

TEILIFÍS

(Faoi m'iníon Saffron)

Ar a cúig a chlog ar maidin
Theastaigh an teilifís uaithi.
An féidir argóint le beainín
Dhá bhliain go leith?
Síos linn le chéile
Níor bhacas fiú le gléasadh
Is bhí an seomra préachta.
Gan solas fós sa spéir
Stánamar le hiontas ar scáileán bán.
Anois! Sásta?
Ach chonaic sise sneachta
Is sioráf tríd an sneachta
Is ulchabhán Artach
Ag faoileáil
Os a chionn.

4. “Na mothúcháin a mhúsclaíonn bás linbh is ábhar den dán ‘Ochón! A Dhonncha’, le Pádraig Ó hÉigearthaigh.”
Pléigh an tuairim sin agus luaigh línte ón dán mar thacaíocht le do fhreagra.

(40 marc)

OCHÓN! A DHONNCHA

Ochón! A Dhonncha, mo mhíle cogarach, fén bhfód so sínte;
Fód an doichill 'na luí ar do cholainn bhig, mo loma-sceimhle!
Dá mbeadh an codladh so i gCill na Dromad ort nó in uaigh san Iarthar
Mo bhrón do bhogfadh, cé gur mhór mo dhochar, is ní bheinn id' dhiaidh air.

Is feoite caite 'tá na blátha scaipeadh ar do leaba chaoilse;
Ba bhreá iad tamall ach thréig a dtaitneamh, níl snas ná brí iontu;
'S tá an bláth ba ghile liom dar fhás ar ithir riamh ná a fhásfaidh choíche
Ag dreo sa talamh, is go deo ní thacfaidh ag cur éirí croí orm.

Och a chumannaigh! nár mhór an scrupall é an t-uisce dod' luascadh,
Gan neart id' chuisleannaibh ná éinne i ngaire duit a thabharfadh fuarthan;
Scéal níor tugadh chugham ar bhaol mo linbh ná ar dhéine a chruatain-
Ó!'s go raghainn go fonnmhar ar dhoimhin-lic Ifrinn chun tú a fhuascailt.

Tá an ré go dorcha, ní fhéadaim codladh, do shéan gach só mé;
Garbh doilbh liom an Ghaeilge oscailte-is olc an comhartha é;
Fuath liom sealad i gcomhluadar carad, bíonn a ngreann dom' chiapadh;
Ón lá go bhfacasa go tláith ar an ngaineamh thú níor gheal an ghrian dom.

Och, mo mhairg! Cad a dhéanfad feasta 's an saol dom' shuathadh,
gan do láimhín chailce mar leoithne i gcrannaibh ar mo mhalainn ghruama,
Do bhéilín meala mar cheol na n-aingeal go binn im' chluasaibh
Á rá go cneasta liom: 'Mo ghraidhn m'athair bocht, ná bíodh buairt ort!'

Ó, mo chaithis é! Is beag do cheapas-sa i dtráth mo dhóchais
Ná beadh an leanbh so 'na laoch mhear chalma i lár na fóirne,
A ghníomhartha gaisce 's a smaointe meanman ar son na Fódla-
Ach an Té do dhealbhaigh de chré ar an dtalamh sinn, ní mar sin d'ordaigh.